Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9040/23**

**LIMITE**

**CORLX 462**
**CFSP/PESC 655**
**CSDP/PSDC 336**
**COPS 218**
**CSC 212**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, arna shíniú ag Stefano SANNINO, an tArdrúnaí |
| dáta a fuarthas: | 3 Bealtaine 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis na hiarmhairtí a ghabhann leis an Danmhairg a bheith tar éis a chur in iúl do na Ballstáit eile nach mian léi leas a bhaint a thuilleadh as Airteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528, chomh maith le Cinneadh 2014/401/CBES ón gComhairle maidir le Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2001/555/CBES maidir le Lárionad Satailíte an Aontais Eorpaigh a bhunú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad HR(2023) 118.

---

Faoi iamh: HR(2023) 118

AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ

PUBLIC

**Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle**

**an 3 Bealtaine 2023**

**le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis na hiarmhairtí a ghabhann leis an Danmhairg a bheith tar éis a chur in iúl do na Ballstáit eile nach mian léi leas a bhaint a thuilleadh as Airteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528, chomh maith le Cinneadh 2014/401/CBES ón gComhairle maidir le Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2001/555/CBES maidir le Lárionad Satailíte an Aontais Eorpaigh a bhunú**

**HR(2023) 118**
*Limited*

PUBLIC

**CINNEADH (CBES) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ll/mm/2023**

**maidir leis na hiarmhairtí a ghabhann leis an Danmhairg a bheith tar éis a chur in iúl do na Ballstáit nach mian léi leas a bhaint a thuilleadh as Airteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528, chomh maith le Cinneadh 2014/401/CBES ón gComhairle maidir le Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2001/555/CBES maidir le Lárionad Satailíte an Aontais Eorpaigh a bhunú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1), 31(1), 41(2), 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear'an Prótacal' anseo feasta), go dtí an 30 Meitheamh 2022, ní raibh an Danmhairg rannpháirteach i ndréachtú, glacadh ná cur chun feidhme cinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais bunaithe ar Airteagal 26(1), Airteagal 42, agus Airteagail 43 go 46 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE') a raibh impleachtaí cosanta acu. Go dtí an dáta céanna, níor rannchuidigh an Danmhairg le maoiniú an chaiteachais oibríochtúil a thig ó na bearta sin agus níor chuir sí cumais mhíleata ar fáil don Aontas.

PUBLIC

(2) An 1 Meitheamh 2022, reáchtáladh reifreann sa Danmhairg maidir leis an rogha gan a bheith páirteach sa chosaint, a leagtar síos in Airteagal 5 den Phrótacal, a chúlghairm.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 7 den Phrótacal, chuir an Danmhairg in iúl do na Ballstáit eile nach mian léi leas a bhaint a thuilleadh as Airteagal 5 den Phrótacal ón 1 Iúil 2022, le litir óna hAire Gnóthaí Eachtracha an 20 Meitheamh 2022.

(4) De bhun Airteagal 7 den Phrótacal, ón 1 Iúil 2022, cuireann an Danmhairg i bhfeidhm go hiomlán na bearta ábhartha uile a bhí i bhfeidhm ar an dáta sin arna nglacadh i gcreat an Aontais, agus tá an seasamh céanna aici agus atá ag na Ballstáit eile a mhéid a bhaineann le dréachtú, glacadh agus cur chun feidhme cinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí cosanta acu. Ón dáta céanna, tá an seasamh céanna ag an Danmhairg agus atá ag na Ballstáit eile a mhéid a bhaineann lena rannchuidiú le maoiniú caiteachais a thig ó na bearta sin, agus maidir le cumais mhíleata a chur ar fáil don Aontas.

(5) Dá réir sin, ón 1 Iúil 2022, cuireann an Danmhairg na cinntí arna nglacadh ag an gComhairle i bhfeidhm ar bhonn na nAirteagal ábhartha de Theideal V, Caibidil 2, CAE. Ar an gcaoi chéanna, ón dáta sin, cuireann an Danmhairg i bhfeidhm na cinntí arna nglacadh ag an gCoiste Polaitiúil agus slándála de bhun Airteagal 38, an tríú fomhír, CAE, maidir le rialú polaitiúil agus stiúradh straitéiseach na n-oibríochtaí bainistíochta géarchéime dá dtagraítear in Airteagail 42 agus 43 CAE, a bhfuil impleachtaí cosanta acu.

(6) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú laistigh den Aontas, ba cheart a shoiléiriú gur scoir gach tagairt d’Airteagal 5 den Phrótacal i gcinntí ón gComhairle arna nglacadh faoi Theideal V, Caibidil 2 CAE agus atá i bhfeidhm an 1 Iúil 2022 d’fheidhm a bheith acu ón dáta sin.

(7) Ar an gcúis chéanna, ba cheart forálacha ábhartha i gcinntí ón gComhairle arna nglacadh faoi Theideal V, Caibidil 2 CAE agus atá i bhfeidhm tráth glactha an chinnidh seo, agus lena gcuirtear Airteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 chun feidhme, a aisghairm.

PUBLIC

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Mar iarmhairt ar an bhfaisnéis ón Danmhairg chuig na Ballstáit eile nach mian leis an Danmhairg, ón 1 Iúil 2022, leas a bhaint a thuilleadh as Airteagal 5 den Phrótacal:

– ní bheidh feidhm a thuilleadh ón 1 Iúil 2022 ag aon tagairt do sheasamh na Danmhairge atá bunaithe ar Airteagal 5 den Phrótacal, i gcinntí arna nglacadh ag an gComhairle de bhun Theideal V, Caibidil 2, CAE;

PUBLIC

– ní bheidh feidhm a thuilleadh ón 1 Iúil 2022 ag aon tagairt do sheasamh na Danmhairge bunaithe ar Airteagal 5 den Phrótacal, i gcinntí arna nglacadh ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála de bhun Airteagal 38(3) CAE maidir le rialú polaitiúil agus stiúradh straitéiseach na n-oibríochtaí bainistíochta géarchéime dá dtagraítear in Airteagail 42 agus 43 CAE, a bhfuil impleachtaí cosanta acu.

*Airteagal 2*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle[1] lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528, mar a leanas:

(1) Aisghairtear Airteagal 5(4);

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 26(3):

‘Na leithreasuithe íocaíochta sa chuid ghinearálta den bhuiséad le haghaidh caiteachas tacaíochta agus ullmhúcháin ar oibríochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 18(3), cumhdófar iad le rannchuidithe ó na Ballstáit.’

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 45(1):

‘Maoineofar costais choiteanna le haghaidh fhreachnaimh an Aontais trí bhíthin na Saoráide de réir na rialacha agus na nósanna imeachta atá comhchosúil leo sin le haghaidh na n-oibríochtaí lena rannchuidíonn na Ballstáit uile.’

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 52(7):

‘Nuair a chinnfear go gcoinneoidh an tSaoráid an trealamh arna chómhaoiniú le haghaidh oibríochta, féadfaidh na Ballstáit is rannchuiditheoirí cúiteamh airgeadais a iarraidh ó na Ballstáit eile. Glacfaidh an Coiste na cinntí iomchuí ar bhonn moladh ón riarthóir um oibríochtaí.’

[1] IO L 102, 24.3.2021, lch. 14.

PUBLIC

*Airteagal 3*

Leasaítear Cinneadh 2014/401/CBES ón gComhairle[2] maidir le Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2001/555/CBES maidir le Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh a bhunú mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10(3):

'Is éard a bheidh in ioncam SATCEN ranníocaíochtaí ó na Ballstáit de réir scála an ollioncaim náisiúnta, íocaíochtaí a dhéantar mar luach saothair as seirbhísí arna soláthar agus ioncam ilghnéitheach.'

(2) Aisghairtear Airteagal 17.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.
Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

[2]IO L 188, 27.6.2014, lch. 73.